Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2025
(OR. en)

16046/25

LIMITE

PROCIV 170
IPCR 93
POLMIL 385
SAN 782
COCON 76
JAI 1821

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0223 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte |

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlacht ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, agus tugtar cuntas inti ar staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite faoi Uachtaránacht na Danmhairge. Rinneadh an tuarascáil a dhréachtú faoi fhreagracht na hUachtaránachta in oirchill Chomhairle na nAirí Gnóthaí Baile an 8 Nollaig 2025.

Iarrfar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.

**Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte**

PUBLIC

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlacht ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, agus tugtar cuntas inti ar staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar an togra thuasluaite faoi Uachtaránacht na Danmhairge. Rinneadh an tuarascáil a dhréachtú faoi fhreagracht na hUachtaránachta in oirchill Chomhairle na nAirí Gnóthaí Baile an 8 Nollaig 2025.

Iarrfar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (togra 'SACS-FÉS')[1]. Tá togra SACS-FÉS ar cheann de na tionscnaimh earnálacha a thagann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') atá beartaithe don tréimhse 2028-2034, agus tá imchlúdach airgeadais, dar luach EUR 10.7 billiún i bpraghsanna reatha, á bheartú mar chuid de.

2. Bhí an t-athbhreithniú ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ('SACS')[2] ar cheann de na 30 príomhghníomhaíocht a fógraíodh mar chuid den Straitéis um Aontas na hUllmhachta, a ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí an 26 Márta 2025 agus é mar aidhm léi tacú leis na Ballstáit agus feabhas a chur ar chumas na hEorpa bagairtí atá ag teacht chun cinn a chosc agus a fhreagairt.

3. Is é is ábhar do thogra SACS-FÉS, agus é bunaithe ar Airteagal 168(5), Airteagal 196 agus Airteagal 322(1), pointe (a), CFAE, foráil a dhéanamh maidir le Sásra de chuid an Aontais um Chosaint Shibhialta ('Sásra an Aontais') agus tacaíocht airgeadais ón Aontas a leagan síos don chosaint shibhialta agus d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte.

4. Is leathnú ar Chinneadh 2013/1313/AE atá i dtogra SACS-FÉS. Tugtar isteach leis roinnt nuálaíochtaí éagsúla i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair. Mar shampla, féachtar sa togra le maoiniú na cosanta sibhialta agus an maoiniú le aghaidh ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte a chomhtháthú in aon rialachán amháin. Ceann de na haidhmeanna atá leis an gcur chuige sin is ea go mbeidh leanúnachas ann i dtaca le comhpháirteanna ullmhachta agus freagartha sláinte Chlár EU4Health, atá le dul in éag ag deireadh 2027. Ina theannta sin, faoin gceannteideal sa togra a bhaineann le cosaint shibhialta agus feidhmiú SACS, tugtar isteach gníomhaíocht nua ar leibhéal an Aontais maidir le measúnú riosca, chomh maith le modhnuithe ar rescEU agus ar an Líonra Eolais. Ar

[1] 11689 2025+ADD1.

[2] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta.

deireadh, moltar sa togra go dtabharfaí isteach sraith nua thrasearnálach um chomhordú i gcás géarchéime mar aon le bearta chun an ullmhacht agus an comhar sibhialta-míleata a fheabhsú. Áirítear leis sin an togra maidir le Mol nua um Chomhordú Géarchéime a bhunú a chuirfidh le struchtúr agus cumais Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (LCPF) an Choimisiúin, a bunaíodh cheana faoi Chinneadh 2013/1313/AE. Foráiltear freisin sa togra go bhféadfaí tacaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh géarchéimeanna trasearnálacha faoi choinníollacha áirithe.

5. I bhfianaise na mbunús dlí atá beartaithe, is faoin ngnáthnós imeachta reachtach a scrúdaítear togra SACS-FÉS (2025/0223/COD). I bParlaimint na hEorpa, tugadh freagracht chomhpháirteach as an togra do dhá choiste – an Coiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia agus an Coiste um Shláinte Phoiblí. Eiseoidh ceithre choiste tuairimí, mar atá, an Coiste um Shlándáil agus Cosaint, an Coiste um Fhorbairt, an Coiste um Rialú Buiséadach agus an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach. Déanfaidh an Coiste um Buiséid measúnú buiséadach.

6. Níor ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ná Coiste Eorpach na Réigiún tuairimí go fóill.

7. Pléadh togra SACS-FÉS le linn Chomhairle na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 13 agus an 14 Deireadh Fómhair 2025, ar bhonn páipéar réime ón Uachtaránacht.[3] Bhí díospóireacht bheartais ag na hairí, i seisiún poiblí, maidir leis an togra. Thug siad dá n-aire príomhchuspóirí agus raon feidhme an togra agus bhí seisiún tuairimíochta acu maidir le cuspóirí foriomlána thogra SACS-FÉS, mar atá, feabhas a chur ar chumas na hEorpa tubaistí agus géarchéimeanna a chosc agus a fhreagairt amach anseo bunaithe ar chur chuige uile-ghuaise. Tharraing roinnt airí aird ar ghnéithe dearfacha, ach tharraing airí eile ábhair imní anuas.

## II. <u>AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE</u>

8. Sa Chomhairle, is í an Mheitheal um Chosaint Shibhialta an príomhchomhlacht ullmhúcháin agus togra SACS-FÉS á scrúdú. Is í an Mheitheal um Chosaint Shibhialta príomhchomhlacht ullmhúcháin na Comhairle maidir le cosaint shibhialta agus is í a bhí freagrach as scrúdú a dhéanamh ar chomhaid maidir le SACS, lena n-áirítear Cinneadh 1313/2013/AE. Nuair a pléadh togra SACS-FÉS sa

---

[3] 13406/1/25 REV 1.


PUBLIC

Mheitheal um Chosaint Shibhialta, rinne an Uachtaránacht an plé a threisiú trína iarraidh ar thoscairí ó mheithleacha ábhartha eile páirt a ghlacadh sa scrúdú nuair ba ghá. Tugtar míniú breise ar an méid sin thíos.

9. Go dtí seo, faoi Uachtaránacht na Danmhairge, scrúdaíodh togra SACS-FÉS i naoi gcruinniú den Mheitheal um Chosaint Shibhialta (an 18 Iúil; an 1, an 8, an 9, an 17 agus an 25 Meán Fómhair; an 6, an 20 agus an 30 Deireadh Fómhair; agus an 10 Samhain). Ina theannta sin, tá dhá chruinniú eile de chuid na Meithle um Chosaint Shibhialta beartaithe do mhí na Nollag (ceann amháin ón 1 go dtí an 2 Nollaig agus ceann eile roimh dheireadh mhí na Nollag).

10. Maidir leis na gnéithe de thogra SACS-FÉS a bhaineann le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, d'iarr an Uachtaránacht ar thoscairí na Meithle um an tSláinte Phoiblí a bheith i láthair do na míreanna plé ábhartha sa Mheitheal um Chosaint Shibhialta an 18 Iúil, an 1 agus an 8 Meán Fómhair, agus an 30 Deireadh Fómhair. Ina theannta sin, i bhfianaise na ngnéithe den togra a bhaineann le comhordú trasearnálach i gcás géarchéime, d'iarr an Uachtaránacht ar thoscairí na Meithle *ad hoc* um ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a bheith i láthair le haghaidh na míreanna plé uile de chuid na Meithle um Chosaint Shibhialta a bhaineann le togra SACS-FÉS.

11. I bhfianaise go bhfuil an comhad sin mar chuid den CAI atá beartaithe do 2028-2034, measann an Uachtaránacht gur den ríthábhacht a áirithiú go leanfaidh an tAontas de thacaíocht airgeadais a thabhairt don chosaint shibhialta agus d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte. Is céim thábhachtach é an togra freisin i dtreo chur chun feidhme na gConclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2025, ina n-athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach, i dtaca leis an ullmhacht, 'a thábhachtaí agus a phráinní atá an t-ábhar sin' agus ina 'misníonn sí na Ballstáit feabhas a chur ar a n-athléimneacht, ar a n-ullmhacht agus ar a gcumas coiscthe agus freagartha géarchéimeanna, ar bhealach comhleanúnach, i gcur chuige uile-ghuaise agus uile-shochaí, agus timpeallacht athraitheach na rioscaí agus na mbagairtí á cur san áireamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair i ndáil le beartais an Aontais a bheith ag rannchuidiú le hathléimneacht agus ullmhacht sna réimsí ábhartha, lena n-áirítear athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú. Meabhraítear di go mbíonn a sainiúlachtaí féin ag cineálacha éagsúla géarchéimeanna agus gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht ó thaobh na géarchéimeanna sin a bhainistiú. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle treoraíocht a chur ar fáil don Choimisiún féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do na Ballstáit i réimse na cosanta sibhialta, agus i réimsí beartais ábhartha eile inar soiléir tacaíocht an Aontais a bheith ina breisluach."

PUBLIC

12. Idir an 1 Meán Fómhair agus an 6 Deireadh Fómhair, rinneadh, faoi chúram na hUachtaránachta, grinnléamh ar an togra agus d'iarr sí ar an gCoimisiún cur i láthair a dhéanamh – airteagal ar airteagal – agus iarradh ar na Ballstáit barúlacha a thabhairt agus ceisteanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus, i gcás inarb ábhartha, faoi bhráid Sheirbhís Dlí na Comhairle. Ag eascairt as an méid sin, rinne an Uachtaránacht roinnt de na hairteagail agus na haithrisí comhfhreagracha a ghrúpáil i dtrí chnuasach ar leith agus d'iarr sí ar na Ballstáit moltaí maidir le dréachtú agus barúlacha a thíolacadh roimh chruinnithe a tionóladh an 20 Deireadh Fómhair (Cnuasach 1 – Airteagail 17-22), an 30 Deireadh Fómhair (Cnuasach 2 – Raon feidhme, cuspóirí, an nós imeachta coiste agus gné na sláinte), agus an 1-2 Nollaig (Cnuasach 3 – Mol um Chomhordú Géarchéime agus tacaíocht maidir le géarchéimeanna trasearnálacha). Ba dhíol sásaimh freisin don Uachtaránacht an plé oscailte a rinneadh maidir le codanna eile den togra an 20 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún cur i láthair cuimsitheach a dhéanamh ar bhunú an Mhoil um Chomhordú Géarchéime atá beartaithe agus an tacaíocht do ghéarchéimeanna trasearnálacha an 30 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain.

13. Ina theannta sin, chun comhthéacs ábhartha a chur ar fáil don phlé ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (SACS) agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, d'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún cur i láthair a dhéanamh ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra an 1 Meán Fómhair agus cur i láthair eile a dhéanamh an 17 Meán Fómhair ar struchtúr foriomlán agus gnéithe ullmhachta agus athléimneachta de CAI atá beartaithe; d'iarr sí freisin ar Ardrúnaíocht na Comhairle cur i láthair a dhéanamh ar Shocruithe Comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna an 10 Samhain.

14. Bunaithe ar na barúlacha a fuarthas ó na Ballstáit, d'eisigh Uachtaránacht na Danmhairge dhá chomhréiteach pháirteacha maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, an 31 Deireadh Fómhair (Cnuasach 1) agus an 21 Samhain (Cnuasach 2). Teacht ar chomhthuiscint i bhformhór na mBallstát agus téacs cothrom fónta a chur ar fáil lena mbainfí amach cuspóirí an Rialacháin is aidhm do na comhréitigh pháirteacha seo. Thíolaic an Uachtaránacht comhréiteach páirteach maidir le Cnuasach 1 ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Chosaint Shibhialta an 10 Deireadh Fómhair agus tíolacfaidh sí comhréiteach páirteach maidir le Cnuasach 2 ag an gcruinniú atá beartaithe ar an 1-2 Nollaig.

15. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht comhréiteach páirteach maidir le Cnuasach 3 a thíolacadh ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Chosaint Shibhialta i lár mhí na Nollag.

16. Sna comhréitigh pháirteacha ón Uachtaránacht, d'fhéach an Uachtaránacht le breis soiléireachta a chur ar fáil chun a áirithiú go mbeidh an Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte i gcomhréir le

PUBLIC

caighdeáin dhlíthiúla sheanbhunaithe an Aontais agus chun na débhríochtaí a shoiléiriú. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht nasc níos soiléire a dhéanamh idir (1) cistiú an Aontais, (2) cuspóirí an chistithe sin agus (3) na gníomhaíochtaí incháilithe, a mbeidh rochtain acu ar an gcistiú sin. Dar leis an Uachtaránacht, bhí sé tábhachtach freisin go léireofaí sna comhréitigh pháirteacha ní hamháin líon na n-iarrataí a tháinig ó na Ballstáit ach an ról lárnach a bheadh ag an gComhairle maidir leis an rialachas dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, agus go n-urramófaí sa téacs na príomhinniúlachtaí náisiúnta i réimsí na cosanta sibhialta, na slándála náisiúnta agus na cosanta, ó tharla go bhfuil an-chuid moltaí déanta ag na Ballstáit i ndáil leis an méid sin. Go háirithe, mhol an Uachtaránacht nach mór go gcuirfeadh Bord de chuid na mBallstát comhairle ar an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le rialachas reatha an Líonra. Ina theannta sin, mhol an Uachtaránacht go dtabharfaí isteach plean straitéiseach d'fhorbairt mheántéarmach-fadtéarmach rescEU. Sa téacs comhréitigh páirteach ón Uachtaránacht, ba cheart go nglacfadh an Coimisiún – le rannpháirtíocht na mBallstát – an plean, tríd an nós imeachta coiste trí ghníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin. D'fhágfadh sin go n-áiritheofaí níos mó trédhearcachta agus tionchar níos mó ag na Ballstáit maidir le rescEU a fhorbairt amach anseo. Ar deireadh, mhol an Uachtaránacht gur cheart na Cláir Oibre le haghaidh chistiú an Aontais a bhunú trí ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, chun tionchar na mBallstát ar bhuiséid bhliantúla an Rialacháin a áirithiú agus chun an nós imeachta reatha i gCinneadh 1313/2013/AE a léiriú.

## III. CONCLÚIDÍ

17. Cuireann an Uachtaránacht in iúl gur mór aici tiomantas na mBallstát agus an Choimisiúin agus scrúdú á dhéanamh ar an togra seo. Ina theannta sin, aithníonn an Uachtaránacht a bhfuil déanta ag toscaireachtaí na mBallstát chun comhordú a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta (go háirithe maidir leis an gcosaint shibhialta, an tsláinte, cúrsaí míleata, an athléimneacht).

18. Tá an Uachtaránacht lánchinnte gur féidir aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl, agus an sprioc uaillmhianach maidir le hacmhainneacht ullmhachta agus freagartha an Aontais a neartú á caomhnú ag an am céanna, lena n-áirítear bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte. Comhoibreoidh Uachtaránacht na Danmhairge le hUachtaránacht inteachta na Cipire le súil agus go gcuirfidh na tograí comhréitigh faoi Uachtaránacht na Danmhairge bonn láidir ar fáil chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh faoi Uachtaránacht na Cipire.

19. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte a thabhairt dá n-aire.

PUBLIC

PUBLIC